



### Laethanta Saoire an tSamhraidh/Summer Holidays

Tosnóidh laethanta saoire an tSamhraidh ag 12.00i.n. Aoine 29 Meitheamh 2012. Beidh an scoil ag áthoscailt an bhliain seo chugainn ar an 3 Meán Fómhair ag 8.50r.n. do na Naónáin Mhóra, Rang 1, 2, 3, 4, 5 & 6.

Beidh ár Naónáin Bheaga nua ag tosú ag 10.00r.n. don chéad 3 lá (3,4 & 5 Meán Fómhair 2012).

Beidh na Naónáin Bheaga ag dul abhaile ag 12.00i.n. ar feadh coicíse. Ar an Luan 17 Meán Fómhair 2012 beidh scoil acu go dtí 1.30i.n.

Beidh rang a haon ag dul abhaile ag 1.30i.n. ar feadh coicíse. Ar an Luan 15 Meán Fómhair 2012 beidh scoil acu go dtí 2.30i.n.

*Summer holidays begin at 12.00pm on Friday 29 June 2012. The school will re-open for the next school year on 3 September 2012 at 8.50am for Naónáin Mhóra, Rang 1, 2, 3, 4, 5 & 6.*

*Our new junior infants will start at 10.00am for the first 3 days. (3, 4, 5 September 2012).*

*Our new junior infants will go home at 12.00 for 2 weeks. On Monday the 17 September they will have school until 1.30pm.*

*First class will go home at 1.30pm for the first 2 weeks. On Monday the 17 September they will have school until 2.30pm.*

### Múinteoir Pádraig

Comhghairdeas ó chroí do Múinteoir Pádraig agus a bhean Maria ar bhreith a gcailín beag gleoite nua, Nell!

*A heartfelt congratulations to Múinteoir Pádraig and his wife Maria on the birth of their beautiful little girl Nell!*




### Lá Spóirt/Sports Day

Beidh Lá Spóirt Ghaelscoil Uí Earcáin ar siúl ar an Déardaoin 21 Meitheamh 2012, ar shuíomh na scoile (ag brath ar an aimsir). Glacfaidh na páistí páirt in iliomad cluichí agus i gceardlanna drumaíochta i rith an lae. Leanfaidh cluichí/rásáiocht ranga um thráthnóna. Cuirfear fáilte roimh thuismitheoirí agus caomhnóirí Ghaelscoil Uí Earcáin bheith i láthair linn don lá álann seo chun tacaíocht a thabhairt don ócáid (agus dá bpáistí). Coimeád súil ar an gclár fógraí.

*The Sports day will be held in Gaelscoil Uí Farcáin on Thursday 21 June 2012 in the school (weather permitting). A variety of games and a drum workshop will be organised for the classes during the day. The class races will be held, in the afternoon. Parents and guardians are welcome to join us for this special day. Details of the timetable will be posted on the school notice board in the coming days.*

## Bailiúchán Scoile/School Fundraiser

## Cóisir Uachtar Reoite/ Ice Cream Party



Dáta:

Déardaoin 21 Meitheamh 2012/ Thursday 21 June 2012

Costas:

€1

## Ceiliúradh Scoile/School Celebration

Gaelscoil Uí Earcáin - ag fás is ag forbairt ó 2005

Thosaigh Gaelscoil Uí Earcáin i 2005 le beirt oide agus 20 páiste. Taobh istigh de 7 bliain tá a lán rudaí bainte amach againn. Tá 187 dalta ar an rolla againn agus beidh dhá rang nua ag tosnú linn i Méan Fómhair. Le cois a bheith ag fás tá orainn, don chéad uair, slán a rá le rang a sé - tá Criostóir, Clayton, Dean agus Róisín tar éis críoch a chur le rang a sé agus tá siad réidh don mheánscoil i Méan Fómhair. Chun an chéim mhór seo i stair Gaelscoil Uí Earcáin a cheiliúradh ba mhaith linn cuireadh a thabhairt daoibh teacht agus tacaíocht a thabhairt dúinn agus muid ag ceiliúradh gach rud atá bainte amach ag Gaelscoil Uí Earcáin ón gcéad lá i 2005. Ar 26 Meitheamh, beidh ceolchoirm deireadh na bliana againn áit a bheas ceol, amhránaíocht, rannta agus dánta, rince agus drámaíocht. Le cois seo tá súil againn ár mbrat glas á ardú (rud atá bainte amach ag na páistí tar éis a lán obair) agus slán a rá le rang a sé. Beidh an scoil ar oscailt daoibh agus tá fáilte romhaibh cuairt a thabhairt ar na ranganna agus timpeall na scoile. Beidh bia agus deochanna ar fáil ó Glanmore Foods - Mile buíochas dóibh as ucht an tacaíocht seo. Feicfidh muid ansin sibh!! ☺

*Gaelscoil Uí Earcáin - growing and developing since 2005*

*Gaelscoil Uí Earcáin started in 2005 with 2 teachers and 20 pupils. Who would have thought that 7 years later the school would have achieved so much? Currently 187 children are attending the school with another 2 classes joining us in September. Along with adding to our school community, for the first time, we have to say goodbye to a class - Criostóir, Clayton, Dean and Roisín have completed 6<sup>th</sup> class and are ready for secondary school in September. To mark this milestone in Gaelscoil Uí Earcáin's history we wish to invite you to join us as we celebrate all that Gaelscoil Uí Earcáin has achieved since first opening its doors back in 2005. On 26 June we will hold our annual school concert where there will be music, singing, poetry, dancing and drama. Along with this we are hoping to raise our schools green flag (achieved this year through the hard work of all pupils) and say farewell to 6<sup>th</sup> class. The school will be open and all parents are welcome to visit their child's classroom and take a tour of the school building and grounds. We wish to thank Glanmore Foods for providing food and drinks for the occasion. See you there ☺*

## Aimsir Te/Warm Weather

Nuir atá an ghrian ag taitneamh ba chóir go mbeidh uachtar gréine ar na páistí agus hata acu don chlós. Is féidir leis na páistí brístí gearra dubha a chaitheamh má tá siad te.

*On days the children should have sun cream on them and a hat for the yard. Children may wear black shorts if they are too warm in their school trousers.*

## Picnic na nBéar/Teddybears picnic

Beidh Picnic na mBéar ag Naónáin Bheaga agus Naónáin Mhóra ar an Aoine 22 Meitheamh. Tá cead ag na páistí teidí amháin atá speisialta dóibh a thabhairt ar scoil chun taispeáint don rang agus beidh picnic taobh amuigh againn. Tá cead roinnt milseáin a thabhairt isteach freisin.

*The Junior and Senior Infants will have a Teddy Bear Picnic on Friday 22<sup>nd</sup> June. The children may bring 1 teddy to school for 'show and tell' and we'll have a picnic outside. They are allowed to bring some sweets also.*

## Airgead le híoc/Monies owed

An féidir libh na táillí don bhliain a íoc chomh luath agus is féidir, le bhur dtoil? Tá muid ag socrú liostaí na bliana seo chugainn faoi láthair.

*Can all bills for the current school year be paid as soon as possible please? The lists for next year are currently being prepared.*



## Comórtas Ealaíne Texaco/Texaco art competition

Comhghairdeas ó chroí do Ghráinne Sands i Naónáin Bheaga a bhuaigh Comórtas Ealaíne Texaco i mBealtaine. Táimid fíor bhródúil as ár n-ealaíontóir beag.

*A big congratulations to Gráinne Sands in Junior Infants who won a prize in the Texaco Children's Art Competition in May. We're very proud of our wee artist!*

## Cómórtas ealaíne Bus Átha Cliath/Dublin Bus Children's Art Competition

Ghlac Ranganna 4, 5 agus 6 páirt i gcomórtas ealaíne agus filíochta *Bhus Átha Cliath*. Ba í an aidhm a bhí le seo ná meas ar iompar phoiblí a ardú le páistí scoile. Bronnfar duaiseanna ar bhuaiteoirí agus tá seans go mbeidh na pictiúir agus dáonta foilsithe i bhféilire *Bhus Átha Cliath*. Comhghairdeas le gach duine. B'íad seo a leanas buaiteoirí ó Ghaelscoil Uí Earcáin:

Ealaín:

1. Saoirse Ní Chonbhuí Ní Annáin - Rang 4
2. Kaitlynn Ní Shuilleabhadhán - Rang 5
3. Alex Ní Raghdalláigh - Rang 5

Filíocht:

1. Sam Ó Gamhna - Rang 4
2. Roisín Ní Bhriain - Rang 6
3. Adam Ó Broin - Rang 4.

*Ranganna 4, 5 and 6 took part in the Dublin Bus Children's Art and poetry Competition which was aimed at promoting the concept of respecting public transport amongst school children. The winners will receive a prize and may have their pictures and poems published in the Dublin Bus Children's Art Calendar. Congratulations to all. The Gaelscoil Uí Earcáin winners are:*

Art:

1. Saoirse Ní Chonbhuí Ní Annáin - Rang 4
2. Kaitlynn Ní Shuilleabhadhán - Rang 5
3. Alex Ní Raghdalláigh - Rang 5

Filíocht:

1. Sam Ó Gamhna - Rang 4
2. Roisín Ní Bhriain - Rang 6
3. Adam Ó Broin - Rang 4.

## Naónáin Bheaga 2012/Junior Infants 2012


Tá a gcéad bhliain caite ag ár Naónáin Bheaga ar scoil mhór agus táimid an bhródúil as an 47 gaelgóir beag nua. Coinnígí suas leis an nGaeilge thar na saoire.

*Our Junior Infants have spent their first year in big school and we're very proud of our 47 new 'gaelgoirí'. Keep up the Gaeilge over the summer.*

## Leabhar Nua/New Books

Tá neart leabhair ag teacht isteach don bhliain seo chugainn agus don leabharlann nua cheana féin. Tá gá iad a chlúdach má tá am ar bith agaibh, fiú leathuair, agus is féidir labhairt le Denise san oifig. Míle buíochas!

*Lots of books for next year and for the new library are coming in already. They will need to be covered so if you have any time to spare, even a half hour, please speak to Denise in the office. Many Thanks!*



## Phoebe agus Squirt na turtar

Beidh Phoebe agus Squirt ag lorg áit chun fanacht i rith an tsamhraíd. Má tá suim ag éinne aire a thabhairt dóibh an féidir libh na sonraí a thabhairt do Denise san Oifig nó do Mhúinteoir ranga?

*Phoebe and Squirt, the turtles are looking for lodgings for their summer holidays. If any families are interested in taking care of them, can you please send your details to Denise in the Oifig or to the Múinteoir ranga.*

## Turas Scoile (Rang 5 / 6)

Ar na mallaibh thaistil Rang a Cúig agus Rang a Sé siar ó Bhaile Átha Cliath ar a dturas scoile in éineacht le Mhúinteoir Mairéad agus Mhúinteoir Seán. Ba í Coláiste Uisce, Ionnaithe i gceartlár na Gaeltachta i gContae Mhaigh Eo, a bhí mar cheann scríbe ag ár ndream. Chaith siad trí lá (ón 11ú - 13ú Bealtaine) tumtha san uisce agus tumtha sa teanga agus iad ag baint sult agus sásamh as eachtraíochtaí ar nós seoltóireacht, clásheoladh, boghadóireacht, raftú, graifítí, tumadh agus dreapadóireacht. Bhain gach uile duine lán-sult as an deireadh seachtaine pléisiúrtha, léirsteanach seo. Gabhaimid buíochas le comhordaitheoirí Choláiste Uisce agus do chách a thug

tacaíocht dúinn sa díolachán cácaí, a bhí mar chabhair ollmhór dúinn agus muid i mbun eagraíochta an turais.

*Rang a Cúig and Rang a Sé recently travelled west from Dublin on their school tour accompanied by Múinteoir Mairéad and Múinteoir Seán. It was Coláiste Uisce, situated in the heart of the Mayo Gaeltacht, which was our company's destination. They spent three days (from 11th - 13th May) surrounded by both water and the Irish language as they rapturously enjoyed activities such as sailing, windsurfing, archery, rafting, graffiti, diving and wall-climbing. Each and every person involved celebrated a weekend that was both enjoyable and rewarding. We thank the co-ordinators of Coláiste Uisce agus all those who helped with the cake sale, which was a major help to us as we organised the school tour.*

### **Turas Scoile (Rang 3 / 4)**

Crystal Maze, i gContae An Chabháin a bhí mar shuíomh do thuras scoile Rang a Trí agus Rang a Ceathair i mbliana. Ghlac ceithre cloigeann is tríocha an mbus ansin in éineacht le Múinteoir Seán, Múinteoir Aoife, Múinteoir Aimee agus Múinteoir Oisín. Neartú foirniúlachta a bhí mar phríomh-sprioc ag gníomhaiochtáí Crystal Maze ina raibh na páistí ag glacadh páirt i ndúshláonna fisiceacha, inchinne agus scil-bhunaithe isteach is amach trí lúbraí chun an oiread is mó 'criostail' a bhaint amach dá bhfoirne féin. Chaith muid cúpla uair an chloig ar an suíomh i Crystal Maze sula ndeachaigh muid ar siúlód trí Choill Dún an Rí ar chúrsa treodóireachta. Bhí trí fhoireann againn ar an lá; dhá ceann ó Rang a Trí agus ceann amháin ó Rang a Ceathair; a ndeachaigh in iomaíocht le chéile agus iad ag taisteal ar fud an fhioraois. Bhí an svae le foireann Rang a Ceathair, agus thóg siad Corn Crystal Maze ar ais chun na scoile leo.

*Crystal Maze in County Cavan was the location of this year's school tour for Rang a Trí and Rang a Ceathair. 34 children travelled on the bus there accompanied by Múinteoir Seán, Múinteoir Aoife, Múinteoir Aimee and Múinteoir Oisín. Team building was a central aim of the Crystal Maze activities in which the children partook in physical, mental and skill based activities through mazes with an aim of winning the most crystals for their own teams. We spent a few hours on site at Crystal Maze before moving on to Dún an Rí Forest to embark on an orienteering course. There were three teams on the day; two from Rang a Trí and one from Rang a Ceathair, who competed against each other as they ventured through the forest. Rang a Ceathair were victorious bringing home with them the Crystal Maze trophy.*

### **Éadaí scoile áthláimhe/Second hand school clothes**

Beidh fáilte roimh éadaí scoile áthláimhe a thabhairt go dtí an scoil. Beidh Natasha agus Donna sa halla ón 25 Meitheamh 2012 chun na héadaí a eagrú. Tá cead ag na páistí gnáth éadaí a caitheamh don tseachtain sin.

*Old usable school uniforms can be donated to the school or swapped. Natasha and Donna will be in the school hall from the 25 June 2012 to sort the clothes out. The children can wear normal clothes for that week. Other volunteers are welcome to help out.*

### **Pairceáil taobh amuigh den ngeata/Parking outside the gate**

Bainfear leas as an spás ar thaobh na láimhe clé taobh amuigh den ngeata agus tú ar do bhealach isteach sa scoil, 'sé sin an stráice clúdaithe le tarmac, mar spás do dhaltaí atá ag fanacht ar oscailt na ngeataí scoile. Tá cosc iomlán ar pháirceáil ar an stráice seo. Iarrtar ar na tuismitheoirí i gcarranna a bheith ag faire amach do na coisithe lasmuigh de gheataí na scoile.

*The area to the left of the school gate as you approach the school, i.e. the strip of tarmac, is reserved as a congregation for pupils who are awaiting the opening of the gates. Parking is not permitted in this area. We would also ask for parents not to park directly in front of the gate as it blocks the entrance in the event of an emergency. Parents in cars are also asked to be more aware of pedestrians outside the school gates.*

Ar scáth a chéile, a mhairimid!

Leah agus An Fhoireann